

*Deasghnáth an Chóineartaithe
2020*



*Deoise na Gaillimhe,
Chill Mhic Dhuaigh & Chill Fhionnúraigh*

An Deasghnáth Iontrála

Céiliúraí: In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

Pobal: **Áiméan.**

Céiliúraí: Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

(Easpag: *Síocháin libh.*)

Pobal: **Agus le do spiorad.**

Céiliúraí: A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rún diamhra naofa a cheiliúradh.

Bíonn tost gairid ann.

Pobal: **Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse, a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom
le smaoineamh agus le briathar,
le ghníomh, agus le faillí,

trí mo choir féin,
trí mo choir féin,
trí mo mhórchoir féin,

Ar an ábhar sin,
impím ar Naomh Mhuire síor-Ógh,
ar na haingil agus ar na naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre,
guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Céiliúraí: Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí duinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn.

Pobal: **Áiméan.**

Céiliúraí: A Thiarna, déan trócaire.

Pobal: **A Thiarna, déan trócaire.**

Céiliúraí: A Chríost, déan trócaire.

Pobal: A Chríost, déan trócaire.

Céiliúraí: A Thiarna, déan trócaire.

Pobal: A Thiarna, déan trócaire.

Glór do Dhia sna hArda

**Pobal: Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú;
móiraimid thú;
adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn;
tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.
Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh i nglóir Dé an tAthair.
Áiméan.**

An Chomhurnaí

Céiliúraí: A Dhia uilechumhachtaigh na trócaire,
impímíd ort a chur faoi deara
go ndéanfaigh an Spiorad Naomh,
agus é ag teacht chugainn,
teampall a ghlóire féin dinn trí lonnú go lách ionainn.

Trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac,
a mhaireann agus a rialaíonn leat-sa
in aontacht an Spioraid Naoimh,
ina Dhia, trí shaol na saol.

Pobal: **Áiméan.**

An Chéad Léacht

Sliocht as Gníomhartha na nAspal

(Gníomh 2:1-11)

Nuair a bhí laethanta na Cincíse comhlíonta, bhí siad uile i dteannta a chéile san aon áit amháin. Agus go tobann tháinig tormán ó neamh, mar ghaoth an-láidir ag teacht, agus líon sé iomlán an tí mar a raibh siad ina suí. Agus taispeánadh dóibh teangacha scoilte amhail de thine, agus shuigh ar gach aon neach acu. Agus líonadh leis an Spiorad Naomh iad uile, agus thosaigh siad uile ag labhairt le teangacha éagsúla, de réir mar a thug an Spiorad Naomh dóibh le labhairt.

Agus bhí Giúdaigh ina gcónaí i Iarúsailéim, fir chráifeacha as gach náisiún faoin spéir. Agus nuair a chuaigh a gháir seo amach, chruinnigh an slua i gceann a chéile, agus bhí a meabhair ina cíor thuathail acu, de bhrí gur chuala gach duine acu iad ag caint ina theanga féin. Agus bhí uafás agus iontas orthu uile, agus dúirt siad: ‘Féach, nach Gailíligh iad seo uile atá ag caint. Agus cad é mar chualamar gach duine againn a theanga féin inar rugadh sinn? Páirtigh, agus Méidigh, Eilimítigh, agus muintir na Measpatáime, Iúdáia, na Capadóicia, an Phontais, agus na hÁise, na Frigia, agus na Paimfília, na hÉigipte, agus cheantar Libia thart faoin gCíreine, agus coimhthígh na Róimhe; Giúdaigh freisin, agus Comhaltáí nua, Créitigh, agus Arabaigh: chualamar iad ag labhairt inár dteangacha féin ar oibreacha iontacha Dé.’

Briathar an Tiarna.

Pobal: **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra

(Ps. 103:1.24.29–31.34)

R: Cuir amach uait do Spiorad, a Thiarna,
agus déan aghaidh na talún a athnuachan.

1. Tabhair moladh don Tiarna, a anam liom!
A Thiarna Dia, is rómhór thú go dearfa.
Nach líonmhar iad d'oibreacha, a Thiarna!
Tá an chruinne lán dá bhfuil déanta agat.. **R.**
2. Má bhaineann tú an anáil díobh, éagann siad
agus casann siad ar an luaithreach arís.
Nuair a chuireann tú do spiorad uait, cruthaítear iad,
agus athnuann tú aghaidh na talún.. **R.**
3. Go maire glóir an Tiarna go brách!
Go bhfaighe an Tiarna lúcháir ina ndéanann sé!
Go mba thaitneamhach leis briathra mo bhéil,
óir is sa Tiarna a dhéanfaidh mé gairdeas. **R.**

An Dara Léacht

Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Coirintigh

(1 Coir. 12:3–7.12–13)

San aon Spiorad amháin is ea a baisteadh isteach in aon chorp amháin sinn go léir.

A bhráithre, ní féidir le haon duine ‘Is é Íosa an Tiarna’ a rá, ach amháin tríd an Spiorad Naomh.

Anois is iomaí cineál bua atá ann, ach níl ann ach an Spiorad céanna; agus is iomaí cineál freastalachta atá ann, agus is é an Tiarna céanna é; agus is iomaí cineál gnímh atá ann, ach is é an Dia céanna a bhíonn ag oibriú gach ní i ngach uile chás. Tugtar foilsíú an Spioraid do gach duine faoi leith ar mhaithe le cách. Faoi mar is aon ní amháin an corp, bíodh go bhfuil mórán ball ann, agus nach bhfuil sna baill go léir, bíodh go bhfuil mórán acu ann, ach an t-aon chorp

amháin, sin mar atá ag Críost. Mar, san aon Spiorad amháin is ea a baisteadh isteach in aon chorp amháin sinn go léir, idir Ghiúdaigh is Ghréagaigh, idir dhaoir is saoir; agus tugadh an t-aon Spiorad amháin dúinn le hól.

Briathar an Tiarna.

Pobal: Buíochas le Dia.

Seasann an pobal.

Gairm an tSoiscéil

Alleluia, alleluia!

Tar chugainn, a NaomhSpioraid,
líon croí na gCríostaithe,
agus adhain iontu lasair do ghrá.

Alleluia!

An Soiscéal

Sliocht as Soiscéal naofa de réir N. Eoin

(Eoin 20:19–23)

*Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise, táimse do bhur gcursa uaim freisin.
Glacai sí an Spiorad Naomh.*

Tráthnóna an lae chéanna, an chéad lá den tseachtain, agus na doirse faoi ghlas le heagla na nGiúdach, san áit ina raibh na deisceabail, tháinig Íosa agus sheas ina measc agus dúirt leo: ‘Síocháin daoibh!’ Á rá sin dó, thaispeáin sé dóibh a lámha agus a chliathán. Bhí áthas ar na deisceabail nuair a chonaic siad an Tiarna. Dúirt Íosa leo ansin arís:

‘Síocháin daoibh!

Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise,
táimse do bhur gcursa uaim freisin.’

Arna rá sin dó, d’análaigh sé orthu agus dúirt leo:

‘Glacai sí an Spiorad Naomh.

Na daoine a maithfidh sibh a bpeacaí dóibh,
beidh siad maite dóibh;
na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacaí,
beidh a bpeacaí coinnithe.’

Soiscéal an Tiarna.

Pobal: Moladh duit, a Chríost.

Suíonn an pobal don aitheasc.



Athnuachan Gheallúintí an Bhaiste

Agus an t-aitheasc thart, cuireann an Céiliúraí na ceisteanna ar na páistí:

Céiliúraí: An ndiúltaíonn sibh do Shátan, dá oibreacha go léir agus dá chleasa go léir?

Freagraíonn na h-iarrthóirí le chéile:

Iarrthóirí: Diúltaím.

Céiliúraí: An gcreideann sibh i nDia an t-Athair uilechumhachtach, cruthaitheoir neimhe agus talún?

Iarrthóirí: Creidim.

Céiliúraí: An gcreideann sibh in Íosa Críost, a aon Mhac-san, ár dTiarna, a rugadh ó Mhuire Ógh, a céasadh, a fuair bás agus a adhlacadh, a d'éirigh ó mhairbh, agus atá anois ina shuí ar dheis an Athar?

Iarrthóirí: Creidim.

Céiliúraí: An gcreideann sibh sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, a thiocfaidh anuas oraibh inniu i sacraimint an Chóineartaithe mar a tháinig sé anuas ar na h-aspail Lá Cincíse?

Iarrthóirí: Creidim.

Céiliúraí: An gcreideann sibh sa Naomh Eaglais Chaitliceach, i gcomaoin na naomh, i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne agus sa bheatha shíoraí?

Iarrthóirí: Creidim.

Céiliúraí: Is é seo ár gcreideamh. Is é seo creideamh na h-eaglaise. Ábhar mórtais dúinn é a admháil in Íosa Críost ár dTiarna.

Pobal: Áiméan.

Dul faoi Láimh

Ansín cuireann an Céiliúraí a lámha le chéile, agus, in éineacht leis na sagairt atá ag cuidiú les, tugann sé aghaidh ar an bpobal, agus deireann:

A phobal Dé na páurte:

Tríd an mbaisteadh rugadh an chlann sea athuair chun na beatha síoraí agus rinne Dia, an t-Athair Uilechumhachtach, clann altrama dóibh.

Iarraimis ar an Spioraid Naomh a dháileadh anuas go caoin orthu chun iad a neartú le flúirse a bhronntanas agus iad a chur i gcosúlacht, trína unghadh, le Críost Mac Dé.

Iarann an pobal uilig, na tuismitheoirí go háirithe, ar an Spiorad Naomh teacht anuas ar a bpáistí.

Is féidir an iomann seo a leanas a chanadh más gá.

Spioraid Dé ionainn; Spioraid Dé tharainn; Spioraid Dé ionainn.

1. Go bhfógraímid slánú Dé,
Síocháin Dé, áthas Dé,
Spiorad Dé ionainn...
2. Go leanaimid cosán Dé,
Briathar Dé, solas Dé,
Spiorad Dé ionainn...

3. Go scaipimid deá scéal Chríost,
Sólás Chríost, glóir Chríost,
Spiorad Dé ionainn...

4. Go molaimid an t-Athair Mór
An Slánaitheoir, an cabhróir,
Spiorad Dé ionainn...

(Ceol: *Beo go Deo* 8, leathanach 332.)

Leathann an Ceiliúraí (agus na sagairt atá ag cuidiú leis) a lámha ar na hiarrthóirí go léir.

Deir an Ceiliúraí ina aonar:

A Dhia uilechumhachtaigh,
Athair ár dTiarna Íosa Críost,
shaor tú do chlann anseo ón bpeaca
le huisce agus leis an Spiorad Naomh
agus bhronn tú beatha nua orthu.
Tabhair dóibh an Spiorad Naomh, a Thiarna,
mar threoraí agus mar shólásaí.
Tabhair dóibh spiorad na heagna agus na tuisceana, .
Spiorad an bhreithiúnais agus an nirt
Spiorad an eolais agus an ghrá,
Spiorad na hurraime duit féin,
Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.

Freagra: Áiméan.

An t-Ungadh le Criosma

Seasann na hiarrthóirí don Chóineartú i líne ag an altóir. Cuireann an Caras Críost a lámh dheas ar ghualainn an iarrthóra. Insíonn sagart/múinteoir céad ainm baiste agus ainm cóineartaithe an iarrthóra don Ceiliúraí.

Rianáíonn an Céiliúraí comhartha na croise le criosma ar chlár-éadan gach iarrthóir, agus é ag rá:

N....., séalaím thú le bronntanas an Spioraid Naoimh.

Freagra ón iarrthóir: Áiméan.

An Céiliúraí : Síocháin leat.

Freagra ón iarrthóir: Agus le do spiorad.

Le linn don unghadh le Criosma, cantar iomáinn oiriúnacha, mar seo:

Curfá: Can, can, can alleluia,
Seo é an lá 'thug an Tiarna dúinn.
Seinn, seinn, seinn alleluia,
Seo é an lá 'thug an Tiarna dúinn.

1. Bíodh orainn gliondar is áthas,
Seo é an lá 'thug an Tiarna dúinn.
Bíodh orainn gliondar croí,
Seo é an lá!

2. Seinn ceol ag moladh an Tiarna,
Seo é an lá 'thug an Tiarna dúinn.
Bíodh orainn gliondar croí,
Seo é an lá!

(Ceol: *Beo go Deo* 8, leathanach 329.)

Guí an Phobail

Cumann an pobal áitiúil na hachainí do ghuí an phobail.

An Ofráil

Tar éis Ghuí an Phobail, leantar leis an Aifreann mar is gnách. Glacann roinnt iarrthóirí páirt i mórshiúl an ofrála agus cantar iomann an ofrála lena linn.

Urnaí ós cionn na nOfrálacha

Céiliúraí Glac go trócaireach le paidreacha do sheirbhíseach,
impímid ort, a Thiarna,
agus deonaigh, tar éis dóibh dul níos mó i gcló do Mhic
go dtabharfaidh siad breis fianaise air de shíor
agus iad ag glacadh páirte i gcuimhneachán a fhuascailte
trínar gheall sé do Spiorad a theacht orainn
Eisean a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol..

Pobal: **Áiméan.**

Paidir Eocairisteach II

Céiliúraí: Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: **Agus le do spiorad.**

Céiliúraí: Tógaigí bhur gcroíthe in airde.

Pobal: **Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.**

Céiliúraí: Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.

Pobal: **Is ceart agus is cóir sin.**

Céiliúraí: Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin,
is cuí agus is tairbheach,
buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit,
a Thiarna, a Athair naofa,
a Dhia uilechumhachtaigh shíoraí,
trí Chríost ár dTiarna.

Chuaigh seisean suas thar arda neimhe go léir,
shuigh ar do dheaslámh
agus dhoirt anuas ar chlann an altramais
an Spioraid Naomh a bhí geallta.

Uime sin, mar aon le sluaite uile na nAingeal
canaimid anois agus go brách
le dúthracht chroí duitse in ard ár ngutha á rá:

Pobal: **Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.**
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir. Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.
Hósanna sna harda.

Céiliúraí: A Thiarna, is Naofa thú go ffrinneach;
is tú tobar na naofachta go léir.
Naomhaigh, mar sin, impímid ort,
na bronntanais seo le drúcht do Spioraid,
chun go ndéanfar díobh inár gcomhair Corp agus + Fuil
ár dTiarna, Íosa Críost.
Nuair a bhi sé á thabhairt suas chun na Páise dá dheoin féin,
ghlac sé an t-arán, agus ag gabháil buíochais leat, bhris,
agus thug dá dheisceabail é, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ITHIGÍ UILE AS SEO:
ÓIR IS É SEO MO CHORP
A THABHARFAR AR BHUR SON.

Ar an gcaoi chéanna, tar éis an tsuipéir,
ag glacadh na cailíse, agus ag gabháil buíochais leat arís,
thug sé dá dheisceabail í, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ÓLAIGÍ UILE AISTI SEO:
ÓIR IS Í SEO CAILÍS MO CHUID FOLA,
FUIL AN NUATHIOMNA SHÍORAÍ.
DOIRTFEAR Í AR BHUR SON
AGUS AR SON MÓRÁIN
CHUN MAITHIUNAS NA BPEACAÍ.
DÉANAIGÍ É SEO I GCUIMHNE ORMSA.

Céiliúraí: Rúndiamhair an chreidimh.

Pobal: **Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna,**
agus ag comóradh d'aiséiri, nó go dtaga tú.

Céiliúraí: Dá réir sin, a Thiarna Dia,
ag cuimhneamh dúinn ar bhás agus ar aiséirí Chríost,
ofrálaimid duit arán na beatha agus cailís an tslánaithe,
agus gabhaimid buíochas leat toisc gurbh fhiú leat
sinn a bheith i do láthair agus ag fónamh duit.

Iarraimid go humhal ort go n-aontófar le chéile,
le cumhacht an Spioraid Naoimh,
sinne atá páirteach i gCorp agus i bhFuil Chríost.

Tabhair chun cuimhne, a Thiarna, d'Eaglais ar fud an
domhain mhóir:

chun go ndéanfá í a neartú sa charthanacht
i gcuideachta lenár bPápa A agus lenár nEaspag B
agus leis an gcléir uile.

*Tabhair chun cuimhne freisin, a Thiarna, do sheirbhísigh
ar dheoin leat iad a chóineartú inniu
tríd an Spioraid Naomh a bhronnadh orthu,
agus caomhnaigh iad i do ghrásta.*

Déan trócaire orainn uile, impímid ort, ionas gurbh fhiú
sinn a bheith páirteach sa bheatha shíoraí
chun tú a mholadh agus a ghlóiriú
i gcuideachta na Maighdine Beannaithe Muire, Máthair
Dé, na Naomhaspal agus na Naomh uile
a rinne do thoilse riamh anall
trí do Mhac Íosa Críost.

Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse,
a Dhia, an tAthair uilechumhachtach,
in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol.

Pobal: Áiméan.

Deasgnátha na Comaoineach

Ceiliúraí: Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú
agus briathar Dé dár dteagasc,
tá sé de mhisneach againn a rá.

Pobal: **Ár nAthair atá ar neamh,**
go naofar d’ainm, go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh,
mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

Ceiliúraí: Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí
agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa
agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

Pobal: **Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí
shaol na saol.**

Ceiliúraí: A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d’Aspail:
Fágaim síocháin agaibh,
tugaim daoibh mo shíocháin:
ná féach ar ár bpeacaíne
ach ar chreideamh d’Eaglaise;
deonaigh síocháin a thabharit di agus í a aontú,
faoi mar is toil leat féin,
tusa a mharieann agus a rialaíonn trí shaol na saol.

Pobal: **Áiméan.**

Ceiliúraí: Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.

Pobal: Agus le do spiorad féin.

Pobal: A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain,
déan trócaire orainn.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain,
déan trócaire orainn.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain,
tabhair dúinn síocháin.

Téann gach duine ar a nglúine.

Ceiliúraí: Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain.
Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.

Pobal: A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon,
ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

Iarchomaoineach

Ceiliúraí: A Thiarna, tar i gcabhair as seo amach le do bheannacht
ar an muintir a unghadh leis an Spiorad Naomh
agus a cothaíodh le sacraimint do Mhic
ionas, agus iad scartha ó gach anachain,
go gcuirfidh síd lúcháir ar d'Eaglais le naofacht,
agus go gcuirfidh said chun cinn sa domhain í
lena mbearta agus lena gcarthanacht
trí Chríost ar dTiarna.

Pobal: Áiméan.

An Deasghnáth Imeachta

Ceiliúraí: Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

An Bheannacht

Céiliúraí: Dia, an tAthair uilechumhachtach,
a dhéanann clann a altrama díbh
ar bhur n-athbhreith ó uisce agus ón Spiorad Naomh,
go mbeannaí sé sibh agus go gcosnaí sé sibh
ar shlí gurbh fhiú a ghrá athartha sibh.

Pobal: **Áiméan.**

Céiliúraí: Mac Aonghine an Athar
a gheall go bhfanfadh Spiorad na fírinne san Eaglais,
go mbeannaí se sibh
agus go ndaingní sé sibh lena chumhacht in admháil an
fhíorchreidimh.

Pobal: **Áiméan.**

Céiliúraí: An Spiorad Naomh
a adhnann tine an ghrá i gcroíthe na ndeisceabal,
go mbeannaí se sibh,
agus, tar éis sibh a aontú le chéile,
go dtreoraí se sibh gan tuisle chun aoibhneas ríocht Dé.

Pobal: **Áiméan.**

Céiliúraí: Agus go mbeannaí Dia uilechumhachtach
Athair agus Mac, agus Spiorad Naomh,
sibh uile atá anseo i láthair in éineacht.

Pobal: **Áiméan.**

Céiliúraí: Imígí faoi shíocháin (ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha).

Pobal: **Buíochas le Dia.**

Tar anuas, a Spioraid Naoimh

Curfá: Tar anuas a Spioraid Naoimh,
Tar anuas, a Spioraid Naoimh,
Tar anuas, a Spioraid Naoimh,
Is líon ár gcroí ded' ghrásta caomh.

1. Grásta an Spioraid Naoimh, go ngabhaimid
agus in sa chreideamh fíor go gcónaímid.
In ngaol Dé, i ngrá Dé, i dtoil Dé,
I súil Dé, i rún Dé, i gcúram Dé.
2. Sampla na bhfíréan go leanaimid
agus i dTeampall Chríost go bhfanaimid.
I ngaol Dé, i ngrá Dé, i dtoil Dé,
I súil Dé, i rún Dé, i gcúram Dé.
3. Cuid duine eile nár shantaímid
agus cumann gach duine go gcumhdaímid.
I ngaol Dé, i ngrá Dé, i dtoil Dé,
I súil Dé, i rún Dé, i gcúram Dé.

(Ceol: *Beo go Deo* 8, leathanach 338.)

Tar chugam, a Spiorad Naoimh

Tar chugam, a Spioraid Naoimh, tar chugam,
Tar chugam is cabhraigh liom chun 'bheith lách.

Tar chugam, a Spioraid Naoimh, tar chugam,
Tar chugam is cabhraigh liom 'bheith foighneach.

Tar chugam, a Spioraid Naoimh, tar chugam,
Tar chugam is cabhraigh liom chun 'bheith séimh.

Tar chugam, a Spioraid Naoimh, tar chugam,
Tar chugam is cabhraigh liom 'bheith grámhar.

(Ceol: *Beo go Deo* 8, leathanach 339)

